Triúr Deartháireacha

Seanscéal ón tSeirbia

Leathanach bán

Triúr Deartháireacha

Seanscéal ón tSeirbia

Lá den tsaol, bhí triúr deartháireacha ann. Peadar, Stiofán agus Marcó na hainmneacha a bhí orthu, agus ba é Marcó an deartháir ab óige. Bhí an triúr deartháireacha seo iontach bocht. I mbothán beag ar imeall na coille a bhí cónaí ar an triúr deartháireacha. Taobh leis an bhothán, bhí an phiorróg ba bhreátha sa tír ag fás. Bhí na deartháireacha an-bhródúil as an phiorróg agus thug siad aire mhaith di.

Lá amháin, chonaic an triúr deartháireacha seanbhean ina suí faoin phiorróg. "Tá ocras agus tart orm," ar sise leo. "Tugaigí piorra dom le hithe, le bhur dtoil."

Phioc Marcó dhá phiorra den chuid ba bhreátha agus thug don tseanbhean iad. D'ith an tseanbhean ceann amháin de na piorraí agus chuir an ceann eile go cúramach ina póca.

"Rinne sibh cineáltas ar sheanbhean," ar sise, "agus anois, déanfaidh mise cineáltas oraibhse. Tagaigí liomsa." Agus lean Peadar, Stiofán agus Marcó an tseanbhean isteach sa choill.

Níorbh fhada gur tháinig siad a fhad le habhainn leathan

dhomhain. “Déan guí,” arsa an tseanbhean le Peadar, “agus gheobhaidh tú do mhian.”
D’amharc Peadar ar an abhainn leathan. “Ba mhaith liom,” ar seisean, “go ndéanfaí fíon den uisce seo, agus gur liomsa an fíon sin uilig.” Níor luaithe a stad sé den chaint ná a rinneadh fíon den uisce.
Tháinig fir agus bairillí leo taobh na habhann, agus thosaigh siad a líonadh na mbairillí le fíon.
“Is leatsa an fíon seo uilig,” arsa an tseanbhean. “Fan anseo agus beidh tú i d’fhear saibhir.”
Lean Stiofán agus Marcó an tseanbhean gur tháinig siad a fhad le páirc, áit a raibh a lán colm. “Déan guí,” arsa an tseanbhean le Stiofán, “agus gheobhaidh tú do mhian.”
D’amharc Stiofán ar na coilm. “Ba mhaith liom,” ar seisean, “go ndéanfaí ba de na coilm, agus gur liomsa na ba sin uilig.”
A luaithe a stad Stiofán den chaint, rinneadh ba de na coilm. Tháinig buachaillí a thiomáint na mbó, agus tháinig cailíní le him agus le huachtar a dhéanamh.
“Is leatsa na ba sin uilig,” arsa an tseanbhean le Stiofán. “Fan anseo agus beidh tú i d’fhear saibhir.”
Lean Marcó an tseanbhean gur tháinig siad a fhad le ballaí cathrach.

"Déan guí," arsa an tseanbhean le Marcó, "agus gheobhaidh tú do mhian."
"Ba mhaith liom," arsa Marcó, "an bhean is críonna agus is áille ar domhan a phósadh."
"Pósfaidh tú iníon an tSáir, mar sin," arsa an tseanbhean, "nó is í an bhean is áille agus is críonna ar domhan í."
Thóg sí an piorra amach as a póca agus thug do Mharcó é. "Caithfidh tú an piorra seo a thabhairt d'iníon an tSáir," ar sise. Agus thug an tseanbhean Marcó go dtí an pálás agus isteach sa tseomra ina raibh an Sár agus a iníon ag cur fáilte roimh chuairteoirí.
Tiarna mór le rá a bhí i láthair, chuaigh sé a fhad leis an tSár. "Ba mhaith liom iníon an tSáir a phósadh," ar seisean. Agus thug an tiarna mór le rá clóca airgid a bhí maisithe le péarlaí d'iníon an tSáir. Tháinig prionsa dóighiúil a fhad leis an tSár. "Ba mhaith liom iníon an tSáir a phósadh," ar seisean. Agus thug an prionsa dóighiúil próca lán de sheoda d'iníon an tSáir.
Ansin, chuaigh Marcó ina bhratóga a fhad leis an tSár. "Fear bocht mé," ar seisean, "ach ba mhaith liom an bhean is críonna agus is áille ar domhan a phósadh."
Thug sé piorra d'iníon an tSáir, agus ar seisean, "Tá piorra órga agam duit ón phiorróg is breátha sa tír."

Labhair an Sár leis an tseanbhean. “Cé acu de na fir seo,” ar seisean léi, “ar chóir do m’iníon é a phósadh?”
“Cuireadh gach duine acu fíniúin i dtalamh,” ar sise. “Má bhíonn toradh ar cheann de na fíniúnacha maidin amárach, an fear a chuir an fhíniúin sin, pósfaidh sé iníon an tSáir.” Agus chuir gach fear den triúr fíniúin.
Maidin lá arna mhárach, chuaigh an Sár agus a iníon, an tiarna agus an prionsa, Marcó agus an tseanbhean amach ag amharc ar na fíniúnacha. An fhíniúin a chuir an tiarna, bhí duilliúr glas ag fás uirthi. An fhíniúin a chuir an prionsa, bhí sí dhá uair níos airde ná fíniúin an tiarna agus bhí bláthanna ag fás uirthi. Ach, an fhíniúin a chuir Marcó, bhí sí fiche uair ní ba mhó ná fíniúin an phrionsa agus í clúdaithe le cnuasaigh d’fhíonchaora corcra.
“Tá an cheist réitithe,” arsa an Sár. “Is é an fear bocht a phósfaidh m’iníon.”
Tháinig maithe agus móruaisle na tíre ar bhainis Mharcó agus iníon an tSáir. I ndiaidh na bainise, labhair an tseanbhean le Marcó. “Fuair tú do mhian,” ar sise. “Phós tú an bhean is críonna agus is áille ar domhan. Ach anois, caithfidh tú í a thabhairt ar ais chun an bhotháin.”
Agus thug Marcó iníon an tSáir ar ais chun an bhotháin ar imeall na coille. D’imigh an tseanbhean agus rinne sí

dearmad den triúr deartháireacha.
Ach i gceann bliana, nuair a bhí na piorraí ag aibiú ar na piorróga, chuimhnigh sí arís ar Pheadar, ar Stiofán agus ar Mharcó. Chuir sí uirthi a seanbhratóga agus chuaigh sí amach á gcuardach. Tháinig sí ar dtús a fhad leis an pháirc ina raibh na ba agus na buachaillí agus na cailíní. Tháinig fear saibhir chuici agus d'aithin sí gur Stiofán a bhí ann.
"Tá ocras an domhain orm," ar sise, "tabhair dom slis chaise, le do thoil."
"Ní thabharfaidh!" arsa Stiofán. "Ní thugaimse mo chuid cáise do bhacaigh an bhóthair."
"An saol breá a fuair tú," arsa an tseanbhean, "níl sé tuillte agat. Bainfidh mé díot do mhian." Agus nuair a stad sí den chaint, d'imigh na buachaillí agus na cailíní, agus rinneadh coilm arís de na ba.
Shiúil an tseanbhean léi go dtí gur tháinig sí a fhad le bruach na habhann, áit a raibh fir ag líonadh bairillí le fíon. Tháinig fear saibhir chuici agus d'aithin sí gur Peadar a bhí ann. "Tá tart orm," ar sise.
"Tabhair dom deoch den fhíon, le do thoil."
"Ní thabharfaidh mé!" arsa Peadar, "Ní thugaimse mo chuid fíona do bhacaigh an bhóthair."

"An saol breá a fuair tú," arsa an tseanbhean, "níl sé tuillte agat. Bainfidh mé díot do mhian." Agus nuair a stad sí den chaint, d'imigh na fir agus na bairillí, agus rinneadh uisce arís den fhíon.

Sa deireadh, tháinig an tseanbhean a fhad leis an bhothán agus rith Marcó agus iníon an tSáir amach ina haraicis.

"Tá ocras agus tart orm," arsa an tseanbhean, "tabhair bia agus deoch le hithe agus le hól dom, le bhur dtoil."

"Tar isteach sa bhothán," arsa Marcó agus iníon an tSáir. "Daoine bochta muid ach cibé atá again, roinnfidh muid leat é."

Phioc Marcó an piorra ab fhearr ar an phiorróg agus thug don tseanbhean é. Agus thug iníon an tSáir crúiscín uisce agus giota d'arán crua di. Ach, nuair a shuigh siad chun tábla, ní arán crua agus uisce a fuair siad rompu ach builín mór úr agus gloine de scoth an fhíona.

Chríochnaigh siad an béile, agus arsa an tseanbhean, "Rinne sibh cineáltas ormsa, agus déanfaidh mise cineáltas oraibhse." Agus a luaithe a stad sí den chaint, rinneadh pálás galánta den teach, agus gach rud istigh ann ba mhian le Marcó agus le hiníon an tSáir.

Ar ball, tháinig Peadar agus Stiofán ar ais go dtí an bothán. Bhí a sáith iontais orthu Marcó agus iníon an tSáir a bheith ina gcónaí i bpálás mór álainn. Nuair a

chuala Marcas cad é a tharla dá dheartháireacha, ar seisean,

"Tá fáilte romhaibh teacht a chónaí anseo agus bhur gcuid féin den tsaibhreas a bheith agaibh, ach sibh rud amháin a dhéanamh."

"Abair linn cad é an rud é," arsa siadsan, "agus déanfaidh muid é."

"Tugaigí sibhse aire mhaith don phiorróg," arsa Marcó, "nó is í an phiorróg is fearr sa domhan í, agus is í is cúis leis an tsaol bhreá shásta atá againn."

Leathanach bán

© CCEA 2022

Arna chéad fhoilsiú ag Bunscoil Phobal Feirste 1991

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning